



# An Garda Síochána

## Cáipéis Nóis Imeachta

### Scéim Cúitimh an Gharda Síochána

---

Dáta Éifeachtach	An 10 Aibreán 2023
Leagan Uimh.	1.0
Faofa ag	Feidhmeannacht an Gharda Síochána
Arna thabhairt isteach ag	Treoir 022 / 2023 ón gCeanncheathrú
Úinéir an Bheartais	An Coimisinéir Cúnta, Rialachas agus Cuntasacht

## Clár an Ábhair

1.	Réamhrá .....	4
2.	Scóip .....	4
3.	Téarmaí agus Sainmhíniú Ábhartha.....	4
4.	Róil agus Freagrachtaí .....	6
5.	Nósanna Imeachta.....	6
5.1.	Sláinte agus Sábháilteacht.....	6
5.1.1.	Tuarascáil .....	6
5.1.2.	Maoirseoir agus an Bhainistíocht Áitiúil.....	6
5.2.	Iarratas a dhéanamh ar an Scéim .....	7
5.2.1.	Iarratas a dhéanamh laistigh de Shé Mhí.....	7
5.2.2.	Iarratas lasmuigh de Shé Mhí.....	7
5.3.	Athbhreithniú ar an Iarratas.....	7
5.4.	Eolas Breise .....	8
5.4.1.	Iarratasóir.....	8
5.4.2.	Bainistíocht Roinne / Rannóige .....	8
5.5.	Tuairiscí Liachta .....	8
5.6.	Amlínte d'Oifigeach Tuairiscithe .....	8
5.6.1.	Cinntiúchán (Measúnú Tosaigh) .....	8
5.7.	An Próiseas Achomhairc faoin Acht .....	8
5.8.	Eolas Breise .....	9
6.	Comhlíonadh .....	9
7.	Cáipéisí Gaolmhara .....	9
8.	Beartas Reatha agus Cáipéis(í) Gaolmhara a Chealú agus a Ionadú .....	10
9.	Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna .....	10
10.	Caighdeáin agus Gealltanais Eiticiúla .....	10

<b>11.</b>	<b>Athbhreithniú Beartais agus Nóis Imeachta .....</b>	<b>10</b>
<b>12.</b>	<b>Séanadh.....</b>	<b>10</b>
<b>13.</b>	<b>Aiseolas ar an gCáipéis Bheartais agus Nóis Imeachta .....</b>	<b>10</b>
<b>14.</b>	<b>An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - an Treoir maidir le Cosaint Sonraí do Phóilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil .....</b>	<b>10</b>

## 1. Réamhrá

Bunaítear Scéim Cúitimh an Gharda Síochána in Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022 (dá dtagrófar anseo feasta mar ‘an Scéim’) chun soláthar a dhéanamh do chúiteamh do dhíobhálacha pearsanta (gortuithe is cúis le bás san áireamh) a rinneadh ar chomhalta reatha nó ar iarchomhalta den Gharda Síochána mar thoradh ar theagmhas mailíseach.

Leagtar eolas níos mionsonraithe sos sna nósanna imeachta seo a leanas faoin Scéim. Caithfidh iarratasóirí ar an Scéim foirm iarratais a líonadh ar dtús agus cáipéisíocht tacaíochta a sholáthar don Gharda Síochána. Déanfaidh Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána measúnú ar iarratais i dtaobh cáilitheachta don Scéim. Seolann an Garda Síochána iarratais rathúla a fhaomhtar lena gcuimsiú sa Scéim thar ceann an iarratasóra/na n-iarratasóirí chuig an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (an PIAB). A luaithe a ghlac an PIAB leis an iarratas, déanfaidh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (an SCA) ionadaíocht don Gharda Síochána agus déanfaidh an PIAB nó an SCA, nó an dá eagraíocht, teagmháil leis an iarratasóir.

I gcásanna nach meastar go bhfuil an t-iarratas incháilithe lena chuimsiú sa Scéim, tá próiseas achomhairc ann ar féidir leis an iarratasóir tabhairt faoi go ndéanfaidh Oifigeach Athbhreithnithe athbhreithniú ar an tsaincheist.

Ba cheart caitheamh leis an Scéim seo mar chuid d’fhreagairt iomlánaíoch ag an eagraíocht chun tacú le Gardaí a bhí thíos le gortú. Ba cheart teagmháil a dhéanamh freisin le seirbhísí eagraíochta, seirbhísí leasa agus tacaíochta san áireamh, chun tacú le comhaltaí a n-imríonn na teagmhais seo tionchar orthu. Ba cheart do gach iarratasóir cloí leis an gcáipéis níos imeachta seo agus leis an gcáipéisíocht ghaolmhar go léir nuair a bhíonn éileamh ar chúiteamh á sheoladh.

Tá dhá ghrúpa daoine aonair incháilithe iarratas a dhéanamh ar chúiteamh ar Achtanna na Scéime:

1. Comhaltaí an Gharda Síochána a rinneadh a ghortú go pearsanta (nach cúis le bás) go mailíseach i bhfeidhmiú a ndualgas nó i ngníomhú ina gcáil ghinearálta mar chomhalta agus iad as dualgas nó díreach mar gheall gur comhalta den Gharda Síochána iad.
2. Cleithiúnaithe comhaltaí nach maireann a gortaíodh go marfach agus iad as dualgas nó i ngníomhú ina gcáil ghinearálta mar chomhalta den Gharda Síochána nó díreach mar gheall gur comhalta den Gharda Síochána iad (cibé acu má fuair nó nach fuair an comhalta nó an t-iarchomhalta sin den Gharda Síochána cúiteamh do na gortuithe a raibh siad thíos leo mar thoradh ar an teagmhas mailíseach).

Ní chuimsítear san Acht comhaltaí foirne an Gharda Síochána nó comhaltaí d’Fhórsaí Póilíneachta eile a tugadh ar iasacht don Gharda Síochána.<sup>1</sup> Déanann an tAcht Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), Act 1941 arna leasú,, a aisghairm.

## 2. Scóip

Baineann an nós imeachta seo agus an cháipéisíocht ghaolmhar uile le comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána. Baineann an Scéim le comhaltaí an Gharda Síochána atá ag fónamh agus atá ar scor agus lena gcleithiúnaithe, i gcásanna áirithe. Áirítear Gardaí faoi Oilíúint leis an Scéim freisin.

## 3. Téarmaí agus Sainmhíniú Ábhartha

Léirítear thíos téarmaí agus sainmhíniú ábhartha ar fhocail agus frásaí a úsáidtear ar fud na cáipéise níos imeachta seo.

---

<sup>1</sup> Féach Alt 18 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996, arna leasú, chun teacht ar eolas d’Fhoireann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

**Iarratasóir nó Éilitheoir** - Duine a rinne iarratas ar chúiteamh, duine san áireamh a ghníomhaíonn thar a gceann, cosúil le hionadaí dlíthiúil. I gcás díobhálacha pearsanta, seo an comhalta a gortaíodh, agus i gcás gortuithe is cúis le bás, is féidir lena gcleithiúnaí/a gcleithiúnaithe an t-iarratas seo a dhéanamh. I gcás a gcleithiúnaithe, níor cheart ach iarratas amháin a dhéanamh, do gach cleithiúnaí.

**Cleithiúnaí/Cleithiúnaithe** - Céile nó páirtneir sibhialta comhalta nó iarchomhalta, comhchónaitheoirí (a shásaíonn critéir áirithe), leanbh nó leasleanbh, tuismitheoir nó caomhnóir, deartháir, deirfiúr, leathdheartháir nó leathdheirfiúr agus a bhí ina gcleithiúnaí iomlán nó páirteach ar an té nach maireann.

**Teagmhas mailíseach** - ciallaíonn seo teagmhas, cibé acu a tharlaíonn roimh nó i ndiaidh thosach feidhme an Achta seo, **a ndearnadh gortuithe pearsanta go mailíseach** (gortuithe is cúis le bás san áireamh) dá bharr ar— (a) comhalta, nuair a rinneadh na gortuithe siúd— (i) i bhfeidhmiú a d(h)ualgas mar chomhalta agus é/í ar dualgas, (ii) i bhfeidhmiú cumhachtaí nó i ngníomhú ar bhealach eile ina c(h)áil ghinearálta mar chomhalta nuair a bhí sé/sí as dualgas nó ar saoire nó nach raibh ar dualgas ar bhealach eile, nó (iii) fad a bhí sé/sí ar dualgas nó as dualgas nó ar saoire nó ag aon tráth eile mar gheall ar aon rud a rinne sí n sí roimhe seo mar chomhalta nó díreach mar gheall gur comhalta é nó í, nó (b) duine a bhíodh ina c(h)omhalta, ach nach raibh ina c(h)omhalta a thuilleadh ag an tráth a rinneadh na gortuithe siúd, nó ag tráth a bháis nó a báis, nuair a rinneadh na gortuithe ar an duine mar gheall ar aon rud a rinne sé nó sí mar chomhalta nó díreach mar gheall gur comhalta é nó í.

**Iarchomhalta** - Duine a bhí ina c(h)omhalta, ach nach comhalta a thuilleadh é nó í ag an tráth a dhéantar an t-iarratas ar mheasúnú tosaigh.

**Comhalta** - Comhalta ar aon chéim den Gharda Síochána (Coimisinéir an Gharda Síochána san áireamh) a ceapadh faoi Chuid 2 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 nó faoi aon achtú a d'aisghair an tAcht sin, comhalta den Chúltaca laistigh de bhrí alt alt 3(1) den Acht sin, nó duine a cuireadh faoi oiliúint ar mhaithe lena gceapadh mar chomhalta an Gharda Síochána, ach nach n-áirítear comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána leis nó léi.

**Díobháil phearsanta** - Tagraítear don Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Faoi Acht seo, is é an sainmhíniú ar “díobháil phearsanta” aon ghalar agus aon lagú ar riocht fisiciúil nó meabhrach duine, agus déanfar “gortuithe” a thuiscint dá réir.

**Ráiteas bréagach** – De réir Alt 26(1)(a) agus (b) d'Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), 2022, duine a dhéanann aon ráiteas nó uiríoll (cibé acu scríofa nó ó bhéal) atá, de réir is eol dóibh, bréagach nó míthreorach ar aon bhealach ábhartha nó meargánta maidir le cibé acu an bhfuil an ráiteas nó an t-uiríoll siúd bréagach nó míthreorach, nó a dhéanann aon cháipéis nó eolas is eol dóibh atá bréagach nó míthreorach a sholáthar nó a chur faoi deara go soláthraítear iad nó a cheadaíonn go feasach iad a sholáthar, ar bhealach ábhartha nó atá meargánta maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an cháipéis nó an t-eolas sin bréagach nó míthreorach.

**An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta** – Comhlacht neamhspleách reachtúil a dhéileálann le héilimh ar dhíobháil phearsanta. Cuireann sé measúnú neamhspleách ar fáil ar éilimh ar dhíobháil phearsanta le haghaidh cúitimh.

**An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát** - Cuid den Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a rinneadh a tharmligean go dlíthiúil chun éilimh ar dhíobháil phearsanta agus díobháil do réadmhaoin tríú páirtí a réiteach in aghaidh Údaráis Stáit. Déanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ionadaíocht don Gharda Síochána a luaithe a sheoltar an t-iarratas chuig Scéim Cúitimh an Gharda Síochána.

## 4. Róil agus Freagrachtaí

Ar mhaithe leis an Acht a riar, rinneadh feidhmeanna Choimisinéir an Gharda Síochána a tharmligeann chun cabhrú leis an gCoimisinéir, Rialachas agus Cuntasacht.

**Úinéir** Beartais - an Coimisinéir Cúnta, Rialachas agus Cuntasacht, mar úinéir beartais, freagrach as forbairt, cur i bhfeidhm, comhlíonadh, monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcáipéis nóis imeachta agus bheartais seo a chinntiú.

**Oifigeach Tuairiscithe** – Comhalta den Gharda Síochána nach bhfuil céim níos íochtraí ná céim Cheannfoirt acu nó comhalta foirne an Gharda Síochána nach bhfuil ar ghrád níos ísle ná Príomhoifigeach Cúnta. A luaithe a shannfar é, tá an tOifigeach Tuairiscithe freagrach as cinntiúchán tosaigh a eisiúint laistigh de cheithre mhí agus d’fhéadfaí síneadh a fhaide le dhá mhí bhreise a chur leis.

**Oifigeach Athbhreithnithe** - Abhcóide nó aturnae cleachtaidh nach bhfuil seasamh níos lú ná cúig bliana acu sannadh do phainéal a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus áirítear leis aon abhcóide nó aturnae ionaid, más gá. Beidh Oifigeach Athbhreithnithe neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna nuair a dhéantar athbhreithniú ar iarratais ar chúiteamh a dheimhnik an tOifigeach atá neamh-incháilithe.

**Oifigeach Roinne/Ard-Cheannfort** – Ceapfaidh an tOifigeach Roinne/an tArd-Cheannfort Cigire nó comhalta ar chéim níos airde leis an teagmhas a imscrúdú. Cinnteoidh an tOifigeach Roinne/an tArd-Cheannfort go líonann an Cigire imscrúdaithe an Tuarascáil Imscrúdaithe agus go gceanglaítear cáipéisí tacaíochta léi laistigh de dhá mhí.

**Iarratasóir** – Déanfaidh an t-iarratasóir iarratas laistigh de shé mhí tar éis an teagmhais nó tar éis eolas réasúnta a bheith acu ar an díobháil. Tugtar cuntas san Acht ar chritéir áirithe theoranta chun déileáil le hiarratais lasmuigh de shé mhí (féach ‘5.2.2.’). I gcás gortuithe nach n-eascaíonn ach bás astu, ní cheadaítear ach éileamh amháin in aghaidh an teagmhais agus ba cheart na cleithiúnaithe go léir a chur san áireamh ar an bhfoirm iarratais dá bharr. Caithfidh an t-iarratasóir a chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais go hiomlán líonta agus go bhfuil an cháipéisíocht tacaíochta go léir inléite. Caithfidh an t-iarratasóir a dheimhniú go bhfuil an t-eolas a sholáthraítear cruinn agus iomlán agus toiliú a thabhairt do na sonraí a phróiseáil.

## 5. Nósanna Imeachta

### 5.1. Sláinte agus Sábháilteacht

#### 5.1.1. Tuarascáil

I gcomhréir le beartas agus ceanglais reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta an Gharda Síochána, tá ar Phearsanra an Gharda Síochána go léir timpistí/gortuithe agus eachtraí baolach ag an obair a thabhairt le fios dá maoirseoir. Tá gach gortú ar chomhaltaí an Gharda Síochána, foireann an Gharda Síochána, mic léinn/promhóirí agus comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána le tabhairt le fios láithreach, mar is indéanta le maoirseoir chéad líne an duine aonair.

#### 5.1.2. Maoirseoir agus an Bhainistíocht Áitiúil

Líonfaidh maoirseoirí Foirm Timpiste/Díobhála ag an Obair an Gharda Síochána agus seolfaidh siad an fhoirm chuig Ceanncheathrú ábhartha a Roinne/Rannóige lena hiontráil ar Chóras Bainistíochta an Gharda Síochána (GEMS) agus ar an gCóras Bainistíochta Teagmhas Náisiúnta (NIMS). Pé uair a thugtar díobháil le fios, cibé acu an n-eascaíonn nó nach n-eascaíonn asláithreacht aisti, cinnteoidh maoirseoirí ar gach leibhéal go líontar na taifid chúí agus go ndéantar fiosrúcháin leis na fíricí a dheimhniú maidir le conas a tharla an díobháil agus, sa chás gur riachtanach, déanfar cur síos iontu ar ghníomh ceartaitheach a rinneadh lena mhacasamhail d’eachtraí a sheachaint.

Gan aird ar aon iarratas ar chúiteamh, tá freagracht ar an mbainistíocht áitiúil imscrúdú a dhéanamh ar na teagmhais seo ó pheirspectíocht sláinte agus sábháilteachta.

## 5.2. Iarratas a dhéanamh ar an Scéim

### 5.2.1. Iarratas a dhéanamh laistigh de Shé Mhí

Caithfidh iarratasóirí an fhoirm ábhartha (*'Díobháil is Cúis le Bás nó Díobháil Phearsanta'*) agus í seo a sheoladh le cáipéisíocht tacaíochta laistigh de shé mhí tar éis an teagmhais nó tar éis a bheith eolach ar an díobháil. Caithfear a áireamh leis an gcáipéisíocht tacaíochta Tuairisc Liachta líonta. Is féidir an fhoirm seo agus an cháipéisíocht tacaíochta a sheoladh ar ríomhphost nó sa phost chuig:

CompensationSection@garda.ie  
nó  
Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána,  
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,  
Páirc an Fhionnuisce,  
Baile Átha Cliath 8,  
D08 HN3X.

Caithfidh na hiarratasóirí a chinntiú go bhfuil t-iarratas go hiomlán líonta agus go bhfuil sí inléite. Seolfar iarratais neamhiomlána agus inléite ar ais.

### 5.2.2. Iarratas lasmuigh de Shé Mhí

Caithfidh iarratasóirí iarraidh ar shíneadh a sheoladh sa phost nó ríomhphost le cúiseanna tacaíochta a bhí leis an moill chuig:

CompensationSection@garda.ie  
nó  
Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána,  
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,  
Páirc an Fhionnuisce,  
Baile Átha Cliath 8,  
D08 HN3X.

Má cheadaítear an síneadh, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas, agus seoltar an fhoirm iarratais ar aghaidh mar a leagtar amach thuas (Féach '5.2.1.'). Mura gceadaítear an síneadh, is féidir leis an iarratasóir iarratas a dhéanamh leis an Oifigeach Athbhreithnithe (Féach '5.7.').

## 5.3. Athbhreithniú ar an Iarratas

Aithnítear go bhfuair an t-iarratas. Má dhéantar an t-iarratas agus na cáipéisí tacaíochta a sheiceáil agus má tá siad go hiomlán líonta agus inléite, sanntar é don Oifigeach Tuairiscithe, Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána.

Tugtar faoi réamhscrúdú ar an iarratas lena dheimhniú an bhfuil an t-iarratasóir/na hiarratasóirí (i gcás cleithiúnaithe) incháilithe iarratas a dhéanamh (Féach Mír 2 agus 3). Má tá an t-iarratasóir/na hiarratasóirí incháilithe iarratas a dhéanamh, gheobhaidh siad fógra faoin gcéanna. Má mheastar nach bhfuil an t-iarratasóir incháilithe, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas ar chinneadh an Oifigh Thuairiscithe agus is féidir breithniú a dhéanamh ar an rogha achomharc a dhéanamh (Féach Section '5.7.').

## 5.4. Eolas Breise

### 5.4.1. Iarratasóir

Is féidir leis an iarratasóir aon eolas nó cáipéisíocht bhreise a sholáthar chun tacú lena n-iarratas laistigh de 60 lá ó dháta an fhógra (Féach '5.3.'). Is féidir leis an Oifigeach Tuairiscithe eolas nó cáipéisí breise a iarraidh ón iarratasóir agus tréimhse ama a shonrú nach mór iad seo a sholáthar laistigh di.

### 5.4.2. Bainistíocht Roinne / Rannóige

Is féidir Teimpléad Tuarascála Imscrúdaithe le cáipéisíocht tacaíochta a lorg ón Oifigeach Roinne/Ard-Cheannfort nó Bainisteoir Sinsearach ábhartha chun cabhrú le tabhairt faoina bhfeidhm faoin Acht. Cinnteoidh an tOifigeach Roinne/an tArd-Cheannfort nó an Bainisteoir Sinsearach go sanntar comhalta ar chéim Chigire nó níos airde chun an tuarascáil seo a ullmhú.

Seolfar an Teimpléad Tuarascála Imscrúdaithe agus an cháipéisíocht tacaíochta seo go leictreonach laistigh de dhá mhí tar éis go ndearnadh an iarraidh thosaigh, chuig an seoladh ríomhphoist [CompensationSection@garda.ie](mailto:CompensationSection@garda.ie).

## 5.5. Tuairiscí Liachta

Ba cheart go dtacódh tuairiscí liachta leis an iarratas, agus ba cheart sonraí a bheith iontu faoin díobháil, an chóireáil agus aon sonraí ábhartha eile.

Tá foirm mheasúnaithe leighis a úsáideann an PIAB inghlactha. [Ní dhéanfaidh](#) an Príomhoifigeach Leighis athbhreithniú ar an gcomhalta mar chuid den phróiseas ach is féidir le lia-chleachtóir measúnú a dhéanamh ar an gcomhalta mar chuid de phróiseas an PIAB. Ní aisíocfaidh an Garda Síochána costais maidir leis na tuairiscí liachta a fháil. D'fhéadfadh costais a bheith mar chuid de dhámhachtain fhaofa ón PIAB.

## 5.6. Amlínte d'Oifigeach Tuairiscithe

Caithfidh an tOifigeach Tuairiscithe cinneadh a dhéanamh laistigh de cheithre mhí, agus d'fhéadfaí síneadh a fhaide le dhá mhí a chur leis faoi chúinsí sonraithe, nuair a thug siad fógra don iarratasóir agus do Choimisinéir an Gharda Síochána nó don Choimisinéir Cúnta a rinneadh a tharmligean. Nuair nach ndéantar cinntiúchán laistigh den tréimhse seo, foráiltear san Acht do thréimhse dhá sheachtain a thabhairt don Oifigeach Tuairiscithe leis an iarratas a fhaomhadh.

### 5.6.1. Cinntiúchán (Measúnú Tosaigh)

Má dhéanann an tOifigeach Tuairiscithe cinntiúchán gur dealraitheach gur tharla an díobháil nó an bás mar thoradh ar theagmhas mailíseach, cuireann siad tuarascáil ar fáil chuige sin. Tabharfaidh Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána fógra don iarratasóir agus socróidh siad le hiarratas a sheoladh chuig an PIAB thar a gceann laistigh de 30 lá. Déanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ionadaíocht don Gharda Síochána ina dhiaidh seo. Cuireann an PIAB cóip den eolas go léir a seoladh ar aghaidh thar a gceann ar fáil don iarratasóir. Tá naisc le heolas ar na gníomhaireachtaí seo curtha ar fáil i gCáipéisí Gaolmhara thíos.

Má dhéanann an tOifigeach Tuairiscithe cinntiúchán nár tharla an teagmhas nó nár theagmhas mailíseach é. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas agus is féidir leo iarratas a dhéanamh leis an Oifigeach Athbhreithnithe (Féach '5.7.').

## 5.7. An Próiseas Achomhairc faoin Acht

Is féidir le hiarratasóir achomharc a dhéanamh le Oifigeach Athbhreithnithe Neamhspleách ag na céimeanna seo a leanas den phróiseas.

- Má dhiúltaítear a n-iarratas ar shíneadh a chur le hiarratas a dhéanamh lasmuigh de shé mhí le Scéim Cúitimh an Gharda Síochána.



- Má cheaptar go bhfuil an t-iarratasóir nó na hiarratasóirí a liostaítear neamh-incháilithe lena gcuimsiú sa scéim.
- Má dheimhníonn an tOifigeach Tuairiscithe nár tharla an teagmhas nó nár theagmhas mailíseach é.

Caithfidh iarratasóir(i) iarraidh a sheoladh ar athbhreithniú ina dtugtar cuntas ar a gcúis don chéanna laistigh de 30 lá tar éis fógra a fháil faoin méid thuas ar ríomhphost nó sa phost chuig,

CompensationSection@garda.ie

nó

Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána,  
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,  
Páirc an Fhionnuisce,  
Baile Átha Cliath 8,  
D08 HN3X.

Ceaptar Oifigeach Athbhreithnithe ansin ó phainéal gairmithe neamhspleácha dlí. Foráiltear san Acht gur féidir le hOifigeach Athbhreithnithe eolas a iarraidh a theastaíonn uathu le toradh a bhaint amach. Is féidir leis an gcinneadh a rinne an tOifigeach Tuairiscithe a dheimhniú nó a athrú a bheith i gceist leis an toradh seo.

## 5.8. Eolas Breise

A luaithe a sheoltar iarratas chuig an PIAB, éilíteoirí iad an buniarrratasóir/na buniarrratasóirí le Scéim Cúitimh an Gharda Síochána agus is freagróirí iad an Garda Síochána. Déanann an SCA ionadaíocht don Gharda Síochána. Oibríonn an PIAB le mheasúnú a ullmhú don éilíteoir agus is féidir leo comhalta a chur ar aghaidh go ndéanfar measúnú neamhspleách leighis orthu. Déanfaidh an PIAB nó an SCA nó an dá eagraíocht teagmháil leo.

Eisíonn an PIAB Fógra Measúnaithe (i.e. an tsocraíocht airgeadais a bhronnfar) agus is féidir leis an iarratasóir nó an freagróir glacadh léi nó í a dhiúltú. Má ghlacann an dá pháirtí atá i gceist (an t-iarratasóir agus an freagróir) leis an bhfógra, íoctar an méid. Má dhiúltaítear an fógra, eisíonn an PIAB Údarú lena cheadú don éilíteoir an cheist a thabhairt chuig an gcúirt. Déanann an chúirt ábhartha cinneadh ansin ar shaincheist na ndámhachtainí agus na gcostas dlí.

## 6. Comhlíonadh

Tá sé éigeantach go ndéanann comhaltaí uile an Gharda Síochána agus baill foirne uile an Gharda Síochána an Nós Imeachta agus an beartas a ghabhann leis a chomhlíonadh.

## 7. Cáipéisí Gaolmhara

### Beartas, Nósanna Imeachta agus Reachtaíocht

- Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána.
- An Cód Eitice don Gharda Síochána.
- Beartas agus Nósanna Imeachta Bainistithe Timpistí/Gortuithe ag an Obair.
- Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí RGCS an Gharda Síochána.
- Treoir Uimh. 19/19 ón gCeanncheathrú – an Creat um Chearta Daonna.
- Acht an Gharda Síochána (Cúiteamh), Act 2022.
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Timpistí agus Teagmhais Bhaolacha a Thuairisciú), 2016.
- Acht an Gharda Síochána, 2005.
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.
- An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta Acht, 2003.
- An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

- Treoir 139/10 ón gCeannteacht Asláithreacht Breoiteachta a Bhainistiú.

#### Foirmeacha

- Foirm 1A - Gortú is Cúis le Bás.
- Foirm 2A - Díobháil Phearsanta.
- Teimpléad Tuarascála Imscrúdaithe.
- Foirm Mheasúnaithe leighis an PIAB.

#### Naisc

- Leathanach Thairseach an Gharda Síochána.
  - Rannóg Cúitimh an Gharda Síochána.
  - Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Beartas Sláinte agus Sábháilteachta.
  - Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe.
- Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána.
- An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta.
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

### 8. Beartas Reatha agus Cáipéis(i) Gaolmhara a Chealú agus a Ionadú

- Cód an Gharda Síochána 11.43, 11.44 agus 11.45.

### 9. Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna

Rinneadh scagadh ar an gcáipéis seo agus ar an mbeartas a ghabhann léi i dtaobh Cearta Daonna agus Dlíthiúla maidir leis na hoibleagáidí faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

### 10. Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach duine a oibríonn sa Garda Síochána aird a thabhairt ar agus cloí leis na caighdeán agus na gealltanais a leagtar amach sa Chód Eitice don Garda Síochána agus chun seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na hEagraíochta.

### 11. Athbhreithniú Beartais agus Nóis Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an nós imeachta seo agus ar na cáipéisí gaolmhara 12 mhí ó dháta a héifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin nó mar is cuí.

### 12. Séanadh

Ní bheartaítear go dtugtar comhairle dlí sa cháipéis seo, agus ní thugtar comhairle dlí inti ar féidir brath uirthi maidir leis an ábhar a chuimsítear anseo istigh. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil dlí.

### 13. Aiseolas ar an gCáipéis Bheartais agus Nóis Imeachta

Tá Cuntas Saincheisteanna Beartais á choimeád ag an Aonad Comhordaithe Beartais agus Rialachais. Nuair a thiteann saincheisteanna féideartha amach maidir le cur i bhfeidhm na nósanna imeachta a leagtar amach sa cháipéis seo, seol cuntas ar an gcéanna ar aghaidh, le do thoil, tríd an Oifig Roinne ábhartha chuig bosca ríomhphoist na Rannóige, [policy.governance@garda.ie](mailto:policy.governance@garda.ie). Cuirfear aighneachtaí Roinne i dtaifead sa Chuntas Saincheisteanna Beartais agus seoltar ar aghaidh iad chuig Úinéir an Bheartais go ndéanfar pé gníomh ina leith a mheastar is riachtanach.

### 14. An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - an Treoir maidir le Cosaint Sonraí do Phóilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach ar na cuspóirí a shonraítear sa bheartas seo agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoi Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (an RGCS) ((AE) 2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i

bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán. Ní bheidh teacht ar shonraí pearsanta ach ag pearsanra údaráithe amháin. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha agus ní choimeádfar níos faide iad ná mar is gá. Áirítear leis seo eolas a stóráil.

Cinntoidh an Garda Síochána, nuair a bhíonn an Scéim á hoibriú, go bpróiseáiltear sonraí i gcomhlíonadh na reachtaíochta um chosaint sonraí agus na mbeartas eagraíochta. Maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a bhaineann leis an nós imeachta seo, rinneadh Measúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí (DPIA) i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí.

Nuair a bhíonn an Scéim á hoibriú, malartófar sonraí na Scéime idir iarratasóirí agus gníomhaireachtaí seachtracha, cosúil leis an PIAB agus an an SCA. Beidh ar iarratasóirí leis an Scéim foirm thoilithe do phróiseáil sonraí a shíniú.